

Ó Bhéarla go Gaeilge

Cleachtadh 1

Is iomaí dúshlán comhréire agus foclóra sa téacs gairid seo. Tá plé ar chuid acu sna nótaí thíos.

In order to protect your rights under national and European Union law¹ and in order to make a claim, you must send your claim in writing to the appropriate authority, stating the circumstances of the loss² and the exact amount you are claiming (fair market value³ of the property⁴ which was lost or destroyed, reasonable cost of repair for damaged property), within two years after your loss occurred.⁵ The claim must be signed by you or your authorised representative (e.g. a lawyer, solicitor or other personal representative with⁶ appropriate proof of authority).

Nótaí

1. *under national and European Union law...* Níl *law* luaite ach uair amháin ach tá dhá cháilitheoir luaite leis, i.e. *national* agus *European Union*. I gcás mar sin, is minic gur fearr an t-ainmfhocal a athrá i nGaeilge, bíodh is nach mbeadh sé luaite ach uair amháin sa Bhéarla. Féach an débhríocht a bheadh ann mura ndéanfa amhlaidh: ‘faoin dlí náisiúnta agus an Aontais Eorpaigh’. Ní hamháin go bhfuil sin aisteach ó thaobh na gramadaí de; tugann sé le fios gurb ionann an dlí náisiúnta agus dlí an Aontais Eorpaigh.

2. Ní miste focal nó dhó a rá faoi chúrsaí téarmaíochta anseo. Ba cheart d’aistritheoirí focal Gaeilge a roghnú atá **coibhéiseach** leis an bhfocal Béarla, is é sin focal atá ag freagairt chomh dílis agus is féidir don fhocal sa teanga fhoinseach. Más *claim* atá sa Bhéarla is ‘éileamh’ a chaithfear a bheith sa Ghaeilge, agus ní ‘iarratas’ ná ‘achain’ ná focal ar bith eile, fiú má tá gaol gairid aige leis an bhfocal atá le haistriú. Más *authority* atá sa Bhéarla is ‘údarás’ a chaithfear a bheith sa Ghaeilge, agus ní ‘eagraíocht’ ná ‘foras’ ná rud ar bith den chineál sin.

Tá *claim/éileamh* agus *authority/údarás* furasta go leor ach tá roinnt focal anseo a bhfuil níos mó ná leagan amháin Gaeilge ag freagairt dóibh. Tá roinnt bealaí ann chun *state* a aistriú, mar shampla, agus ní léir go bhfuil ‘luaigh’ nó ‘sonraigh’ níos fearr ná a chéile. I gcás go mbeadh rogha le déanamh idir focail arb ionann ciall dóibh, is minic a bhíonn gnáthúsáid institiúide le cur san áireamh. Is nós le Rannóg an Aistriúcháin ‘imthosca’ a úsáid chun *circumstances* a aistriú, agus ‘iomchuí’ a úsáid chun *appropriate* a aistriú. Ní hionann sin agus a rá go bhfuil ‘dálaí’ agus ‘cúinsí’ mícheart, ná nach dtiocfadh ‘cuí’ a úsáid le haghaidh *appropriate*. De réir a chéile a chuireann aistritheoirí eolas ar an bhfriotal is fearr le custaiméirí agus le hinstiúidí faoi leith. Níos inmholta is ea leas a bhaint as foinsí téarmaíochta oifigiúla mar www.achtanna.ie agus iate.europa.eu nuair is téacs oifigiúil nó téacs dlí atá le haistriú agat.

3. *fair market value*... Tá cabhair sna foinsí téarmaíochta ach fós tá cinneadh le déanamh ag an aistriitheoir conas is fearr *fair market value* a aistriú. Maidir le *market value*, tá rogha ann idir ‘luach margaidh’ agus ‘margadhluach’. Is gránna an leagan é ‘margadhluach’ ach tá buntáiste amháin ag baint leis, is é sin gur furasta aidiacht a chur leis: ‘margadhluach cóir’. Mura dtaitníonn sin leat, caithfidh tú cinneadh a dhéanamh faoi ionad na haidiachta. An ‘luach cóir margaidh’ a bheadh ann nó ‘luach margaidh cóir’? Sa chás seo, sílim go dtuigtear ‘luach margaidh’ mar aonad céille agus gur féidir ‘cóir’ a chur leis gan débhríocht ar bith: ‘luach margaidh cóir’.

4. Is focal ilchiallach é *property* agus is le dua a aistrítear é mura dtuigtear an comhthéacs. Seans gur tithe agus talamh a bheadh i gceist (*property* = *real estate*) nó foirgneamh nó áitreabh faoi leith. Sa chás seo, ní shonraítear cad é go díreach a cailleadh nó a ndearnadh damáiste dó. Ní heol dúinn ach gur rud é atá i seilbh an éilitheora. ‘Maoin’ is fearr a úsáid sa chás sin, mar cuimsíonn sé gach uile rud a bheadh i seilbh duine.

5. Cén tábhacht atá leis an bhfocal *occurred*? An bhfuil dualgas orainn ‘ón uair a tharla do chaillteanas’ nó ‘ón uair a thit do chaillteanas amach’ a scríobh? Is ait liom an dá leagan. Measaim féin go bhfuil *occurred* ar cheann de na leaganacha sin ar thug Peter Newmark [FOCAIL FHOLAMHA](#) orthu, i.e. focail nach n-íompraíonn mórán brí agus nach miste iad a fhágáil gan aistriú. Tá sampla maith eile ag Liam Ó Rinn in aiste leis dar teideal ‘Aistriúchán’: *I was present at the meeting*. Ní chailltear puinn de chiall na habairte má scríobhtar ‘Bhí mé ar an gcruinniú’ seachas ‘Bhí mé i láthair ag an gcruinniú’.

Bheadh fonn orm féin an t-alt a chur in áit na haidiachta sealbhaí ‘do’: ‘ó uair an chaillteanais’. Tá cuntas beag air sin san iontráil [AN AIDIACHT SHEALBHACH 2](#) sa bhunachar Cruinneas.

6. B’fhearr liom féin, ó thaobh na stíle de, gan an réamhfocal ‘le’ a úsáid ansin. Tá nóta faoi sin in [AN RÉAMHFHOCAL LE](#) sa bhunachar Cruinneas.

Aistriúchán samplach

Ag seo thíos m’iarracht féin ar an téacs a aistriú. Ní mhaím gur aistriúchán foirfe é.

Chun do chearta faoin dlí náisiúnta agus faoi dhlí an Aontais Eorpaigh a chosaint agus chun éileamh a dhéanamh, ní foláir duit d’éileamh i scríbhinn a sheoladh go dtí an t-údarás iomchuí, imthosca an chaillteanais agus an tsuim chruinn atá á héileamh agat a shonrú (luach margaidh cóir na maoin a cailleadh nó a milleadh, an costas réasúnta ar mhaoin dhamáistithe a dheisiú) laistigh de dhá bhliain ó uair an chaillteanais. Ní foláir an t-éileamh a bheith sínithe agat féin nó ag d’ionadaí údaraithe (m.sh. dlíodóir, atur nae nó ionadaí pearsanta eile a bhfuil an fhianaise údaráis iomchuí aige nó aici).